




Cad é Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile?



Treoir atá éasca le léamh í seo.

Cad é Ticéadú an Chéad Ghlúin Eile?

 NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority	Tugtar ÚNI ar an Údarás Náisiúnta Iompair chomh maith.
	Tá an ÚNI ag déanamh athruithe móra ar thicéid agus ar íocaíochtaí táillí ar iompar poiblí.
	Tugtar Ticéadú na Chéad Ghlúine Eile nó TCGE air seo.
	Go dtí seo, tá cártaí LEAP ag obair go maith dár gcustaiméirí.



Is bealach níos éasca, níos tapúla agus níos simplí é TCGE chun íoc as do thuras.



Déanfaidh TCGE iompar poiblí níos éasca do gach duine.



Táimid ag obair go dian ar an gcóras nua seo.
Tá súil againn go mbeidh sé réidh faoi 2028.

Cad a chiallóidh TCGE do chustaiméirí?




Tá custaiméirí i gcroílár ár gcórais nua.



Beidh tú in ann d'íocaíocht a dhéanamh le cárta bainc, fón póca, nó gléas cliste eile.



Beidh sé níos tapúla dul isteach sa bhus. Ciallaíonn sé seo turais níos tapúla.



Tabharfaidh TCGE níos mó rogha do chustaiméirí maidir le conas íoc as iompar poiblí.



Cabhróidh TCGE leat an táille is saoire a oibriú amach le haghaidh do thuras.




Tabharfaidh sé lascainí fós d'aosaigh óga agus do mhic léinn.



Beidh aip nua ann ionas gur féidir leat do thicéid a stóráil go digiteach.

An córas nua a chur i bhfeidhm

	Tá an ÚNI ag obair le comhlacht darb ainm Indra Sistemas S.A.
	Tá taithí ag an gcomhlacht seo le chórais ticéad iompair.
	Tá an ÚNI agus Indra ag dearadh an chórais nua d'iompar poiblí na hÉireann.
	Is tionscadal ollmhór é seo.



Ní mór dúinn:

- Gach gléas cárta LEAP a athrú go gléasanna TCGE



- Na gléasanna ar bhusanna agus ag stadanna a athrú



- Na gléasanna ag ardáin Luas agus ag geataí traenach a athrú



- Córas nua ar líne a bheith againn inar féidir le custaiméirí ticéid a cheannach go sábháilte.

	De réir mar a dhéanaimid na hathruithe, caithfidh custaiméirí fós a bheith in ann a gcártaí LEAP a úsáid.
	Beidh ar an dá chóras oibriú taobh le taobh le chéile ar feadh tamaill.
	Ní mór dúinn córais nua airgeadais agus tacaíochta do chustaiméirí a dhearadh agus a thástáil.
	Leanfaimid na dlíthe maidir le cártaí bainc. Coinneoidh sé seo eolas slán.

Cathain a bheidh mé in ann mo tháille a íoc le mo ghuthán?



Tógfaidh sé tamall an tionscadal seo a chríochnú.



Táimid ag déanamh dul chun cinn cheana féin.



Tá obair tosaithe againn ar ghléasanna ticéadaithe, feithiclí, stadanna, agus stáisiúin.



Sa bhliain 2027, tosóimid ag tástáil an trealaimh seo.



Feicfimid conas a oibríonn an trealamh do chustaiméirí.



Déanfaimid cinnte go mbeidh an trealamh inrochtana.



Glacfaidh na meaisíní nua cártaí LEAP agus Cártaí Seirbhíse Poiblí le haghaidh taisteal saor in aisce.



Ní bheidh ar chustaiméirí an chaoi a n-úsáideann siad iompar poiblí a athrú.



Faoi 2028, beidh tú in ann íoc le cárta dochair nó creidmheasa, le guthán, agus le cárta bainc.



Tosóidh sé seo ar sheirbhísí Luas agus ar sheirbhísí bus chathair Bhaile Átha Cliath.



Faoi dheireadh 2028, beidh sé ar gach seirbhís DART agus iarnróid i gCeantar Mór Bhaile Átha Cliath.

